Tithe an Oireachtais
Houses of the Oireachtas

# An Tuarascáil maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní, 2023

**20 Nollaig 2023**

## Brollach ón Ard-Rúnaí

Is cúis áthais dom an dara tuarascáil maidir leis an mbearna phá idir na hinscní do Sheirbhís Thithe an Oireachtais ("an tSeirbhís") a thíolacadh.

Is í an tSeirbhís an comhlacht seirbhíse poiblí (idir fhoireann státseirbhíse agus fhoireann tionsclaíochta stáit) a sholáthraíonn seirbhísí riaracháin do Thithe an Oireachtais agus dá gComhaltaí. Is é ról na Seirbhíse comhairle ghairmiúil, seirbhísí tacaíochtaí agus saoráidí a sholáthar don phobal parlaiminte uile.

Roghnaigh an tSeirbhís an 29 Meitheamh mar a roghdháta spléachléargais. Is é -4.09% i leith na foirne lánaimseartha agus -18.41% i leith na foirne páirtaimseartha an mheánbhearna phá idir na hinscní don tSeirbhís don tréimhse 30 Meitheamh 2022 go 29 Meitheamh 2023. Is é -7.95% i leith na foirne lánaimseartha agus -29.70% i leith na foirne páirtaimseartha an bhearna phá airmheánach idir na hinscní don tSeirbhís don tréimhse chéanna.

Is iad na daoine arb iad ár bpobal parlaiminte iad an acmhainn is fearr dá bhfuil againn. Tá cruthú pobail ilghnéithigh ionchuimsithigh ina chuid thábhachtach dá bhfuil á dhéanamh againn san Oireachtas. Leanfaimid, sna blianta beaga atá romhainn, de thionscnaimh bharrthábhachtacha a chur chun cinn agus éagsúlacht agus ionchuimsitheacht Sheirbhís Thithe an Oireachtais mar rogháit oibre a fheabhsú.





Peadar Ó Fionnagáin
Cléireach na Dála agus Ard-Rúnaí

**Brollach ón Ard-Rúnaí....................................................................1**

**Réamhrá.............................................................................................3**

**Forléargas ar anailís Sheirbhís Thithe an Oireachtais ar an mbearna phá idir na hinscní ...............................................................3**

Conas a ríomhadh an mheánbhearna phá idir na hinscní? .................................... 4

Conas a ríomhadh an bhearna phá airmheánach idir na hinscní?.......................... 4

Conas a ríomhadh na sonraí ........................................................................... 5

**An Bord Bainistíochta .........................................................................6**

**Na cúiseanna atá leis an mbearna phá idir na hinscní ....................6**

**Tionscnaimh Reatha chun Comhionannas agus Ionchuimsitheacht a chur chun cinn .............................................7**

**Plean Ionchuimsitheachta Sheirbhís Thithe an Oireachtais ...........8**

**Conclúid ............................................................................................8**

## Réamhrá

Seo í an dara tuarascáil maidir leis an mbearna phá idir na hinscní arna foilsiú ag Seirbhís Thithe an Oireachtais ("an tSeirbhís"). Cuimsíonn an tSeirbhís idir fhoireann státseirbhíse agus foireann tionsclaíochta stáit. Is í 30 Meitheamh 2022 go 29 Meitheamh 2023 an tréimhse thuairiscithe.

Is í an bhearna phá idir na hinscní an difríocht i meántuarastal na bhfear agus na mban in aghaidh na huaire ar fud an fhórsa saothair, folaíonn sé sin bunphá, liúntais agus íocaíochtaí ragoibre.

Léiríonn bearna phá idir na hinscní atá deimhneach go bhfuil, ar an meán ar fud an phobail fhostaithe, baineannaigh i suíomh is lú fabhair ná fir agus léiríonn bearna phá idir na hinscní atá diúltach go bhfuil, ar an meán, fireannaigh i suíomh níos lú fabhair ná baineannaigh.

## Forléargas ar anailís Sheirbhís Thithe an Oireachtais ar an mbearna phá idir na hinscní

Tá an anailís agus an phróifíl ar an mbearna phá idir na hinscní bunaithe ar ghnáthphá bliantúlaithe fhoireann Sheirbhís an Oireachtais ón 30 Meitheamh 2022 go dtí an 29 Meitheamh 2023. Is ar leith óna chéile a dhéantar na meánbhearnaí agus na bearnaí airmheánacha agus an íocaíocht in aghaidh na ceathairíle a ríomh i leith na foirne lánaimseartha agus na foirne páirtaimseartha.

Is de réir mar a leanas a dhéantar an bhearna phá idir na hinscní a bhriseadh síos:

**An bhearna phá idir na hinscní i Seirbhís Thithe an Oireachtais**

| | An Líon Foirne | An Mheánbhearna | An Bhearna Airmheánach |
|---|---|---|---|
| An Fhoireann Lánaimseartha | 528 | -4.09% | -7.95% |
| An Fhoireann Pháirtaimseartha | 31 | -18.41% | -29.70% |


## Conas a ríomhadh an mheánbhearna phá idir na hinscní?

Ríomhadh an mheánbhearna phá (meán) idir na hinscní trí gach tuarastal ábhartha a athrú go ráta in aghaidh na huaire agus iad a shuimiú d'fhir agus do mhná faoi seach. Rinneadh an difríocht idir an meánphá do chomhaltaí foirne fireanna agus baineanna a ríomh agus a chur in iúl mar chéatadán de phá na bhfear.


## Conas a ríomhadh an bhearna phá airmheánach idir na hinscní?

Ríomhadh an bhearna phá airmheánach idir na hinscní trí gach tuarastal fireann agus baineann a athrú go rátaí in aghaidh na huaire agus liostú ón tuarastal is airde go dtí an tuarastal is ísle a íocadh faoi seach. Léiríodh an difríocht idir an ráta airmheánach in aghaidh na huaire d'fhir agus do mhná mar chéatadán de phá airmheánach na bhfear.

### An Fhoireann Lánaimseartha – Céatadán na bhFireannach agus na mBaineannach de réir Ceathairíle



**An Fhoireann Pháirtaimseartha – Céatadán na bhFireannach agus na mBaineannach de réir Ceathairíle**





Ríomhadh pá in aghaidh na ceathairíle mar chéatadán na bhfostaithe fireanna agus baineanna i gceithre ghrúpa fostaithe de mhéid chomhionann bunaithe ar a bpá in aghaidh na huaire.

## Conas a ríomhadh na sonraí

Ón mbliain 2022 i leith, tá Seirbhís Thithe an Oireachtais ag bailiú sonraí i dtaobh inscne a foirne, ar bhonn saorálach. An 29 Meitheamh 2023, bhí 698 mball foirne fostaithe ag Seirbhís Thithe an Oireachtais (foireann státseirbhíse agus foireann thionsclaíochta stáit). Chuir 559 díobh a rogha inscne in iúl, agus is mar a leanas atá an miondealú:

**Miondealú maidir le Rogha Inscne %**




Sa tuarascáil seo, tá staidreamh á fhoilsiú againn i leith 559 mball foirne, ar baill foirne lánaimseartha 528 díobh (tá 299 díobh fireann – 57% agus

tá 229 baineann – 43%, agus 31 bhall foirne páirtaimseartha (tá 3 dhuine díobh fireann – 10% agus 28 baineann – 90%).

Tá sé sin níos fearr ná ár dtuarascáil in 2022, ina raibh sonraí á bhfoilsiú againn ar 329 mball foirne lánaimseartha.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, ní raibh aon bhónas ná sochar comhchineáil á fháil ag aon duine den 559 mball foirne a chuir rogha inscne in iúl.

## An Bord Bainistíochta

Tá naonúr comhaltaí ar ár mBord Bainistíochta, ceathrar fireannach agus cúigear baineannach.



AN BORD BAINISTÍOCHTA

## Na cúiseanna atá leis an mbearna phá idir na hinscní

- Bíonn comhghaol láidir, ag aon am ar leith, idir an phróifíl inscní agus uainiú agus tionchar ghluaiseacht na foirne de réir fhostú ball nua, aistrithe inmheánacha, arduithe céime, gluaiseachtaí agus daoine ag dul ar scor, agus imríonn na nithe sin tionchar uirthi.

- Bíodh nach bhfuil anseo ach an dara tuarascáil uainn, leanfaimid d’anailís a dhéanamh ar na sonraí bliain i ndiaidh bliana chun difríochtaí agus claontaí a thiocfaidh chun cinn a aithint.  Ós ar bhonn saorálach a bhailítear ár sonraí inscne, ní léiriú iomlán an fhaisnéis ar iomlán ár bhfoirne státseirbhíse agus ár bhfoirne tionsclaíochta stáit. Mar sin féin, tugann sampla de 559 as líon 698 nduine muinín thart ar 95% dúinn sna torthaí agus lamháil earráide 2%.

## Tionscnaimh Reatha chun comhionannas agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn

Tharla na tionscnaimh seo a leanas le linn 2023:

- Tá an chéad Straitéis Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta don tSeirbhís dréachtaithe agus í ag gabháil tríd an bpróiseas rialachais iomchuí.
- I mí Bealtaine 2023, d'fhoilsíomar beartas maidir le 'Ceart chun Dícheangal a Dhéanamh' chun an dea-chleachtas a spreagadh maidir le folláine foirne, uaireanta oibre agus úsáid na teicneolaíochta.
- Chuireamar forálacha den Acht um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023 i bhfeidhm, lena n-áirítear 5 lá de shaoire gan phá ar chúiseanna a bhaineann le cúram míochaine a thabhairt isteach do chúramóirí agus do thuismitheoirí a sholáthraíonn cúram agus tacaíocht do leanaí agus do dhaoine a bhfuil gá acu le cúram agus tacaíocht shuntasach ar chúiseanna míochaine tromchúiseacha.
- Rinneamar na hathruithe státseirbhíse ar Shaoire Thuismitheoireachta ó 13-16 bliana a chur i bhfeidhm.
- Ghlacamar Beartas na Státseirbhíse um Fhoréigean Baile agus Drochíde chugainn féin, agus tá lucht tacaíochta á n-oiliúint.
- Ó mhí Eanáir 2023 i leith, tá briseadh síos inscní ár bhfoirne státseirbhíse agus ár bhfoirne tionsclaíochta stáit á thuairisciú againn trínár bplean bliantúil acmhainní.
- Chun piarthacaíocht a sholáthar don fhoireann nua agus don fhoireann reatha ar fad, tá líonraí inmheánacha athbhunaithe againn ag na gráid éagsúla.
- Táimid ag obair i dtreo parlaimint atá feiliúnach do dhaoine uathacha a dhéanamh de Theach Laighean.

## Plean Ionchuimsitheachta Sheirbhís Thithe An Oireachtais

### Bearta Sonracha maidir le Comhionannas Inscne

- Leanfaimid de dheiseanna oibre a thacaíonn le teaghlaigh a chur chun cinn agus baill foirne a spreagadh chun leas a bhaint astu.
- Tabharfaimid faoi iniúchadh a bheidh íogair ó thaobh inscne ar phobal uile na parlaiminte
- Leanfaimid de bhaill foirne a spreagadh chun bheith páirteach i bhféiniúlacht inscne a thuairisciú laistigh de Sheirbhís Thithe an Oireachtais.
- Leanfaimid de bheith ag obair i dtreo ionadaíocht na foirne a fheabhsú san eagraíocht trínár gclár ionchuimsitheachta níos leithne.
- Cuirfimid an chéad Straitéis Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta i bhfeidhm don phobal parlaiminteach.
- Déanfaimid oiliúint shaincheaptha éagsúlachta agus ionchuimsitheachta a fhorbairt agus a sheachadadh ar an bpobal parlaiminte.
- Déanfaimid Beartas Meanapáis a fhorbairt don tSeirbhís.
- Forbróimid seicliosta agus caighdeáin maidir le húsáid teanga inscne-chuimsithí agus ghnáth-Bhéarla.

## Conclúid

Tá Seirbhís Thithe an Oireachtais ar a dícheall ag iarraidh a bheith ina hionad oibre ionchuimsitheach agus ina roghfhostóir. Leanfaimid i rith na bliana 2024 de thionscnaimh ionchuimsitheacha a chur i bhfeidhm chun cabhrú linn fórsa saothair ilghnéitheach a mhealladh chun na Seirbhíse. Leanfaimid freisin de na ceanglais atá orainn faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, faoi Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030 'Ár mBuanna a Fhorbairt' agus faoi Straitéis 2023 um Sheirbhísí Poiblí níos Fearr-Claochlú na Seirbhíse Poiblí.